// Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 243

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

10 Iúil 2023

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 243/01 Rátaí malairte an euro — 7 Iúil 2023 ..... 1

2023/C 243/02 Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid *(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006)* ([1]) ..... 2

2023/C 243/03 Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid *(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006)* ([1]) ..... 4

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 243/04 Glaonna ar thograí agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara faoi Chlár Oibre 2024 na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC) faoin gclár Fís Eorpach – an clár réime um thaighde agus um nuálaíocht (2021-2027) ..... 6

GA

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

**An Lárionad Eorpach um Fhobairt na Gairmoiliúna**

2023/C 243/05 GAIRM OSCAILTE TOGRAÍ – GP/DVQ/ReferNet_FPA/001/23 — ReferNet – Líonra Eorpach Cedefop um Shaineolas ar Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint ..... 7

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 243/06 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11033 — ADOBE / FIGMA) ([1]) ..... 9

2023/C 243/07 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11156 — CINVEN / AMARA) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ..... 11

2023/C 243/08 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11181 — MACQUARIE / BCI / ENDEAVOUR ENERGY) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ..... 12

GNÍOMHARTHA EILE

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 243/09 Foilsiú leasaithe chaighdeánaigh formheasta, ar leasú atá ann ar shonraíocht táirge ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint san earnáil táirgí talmhaíochta agus earraí bia, dá dtagraítear in Airteagal 6b(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún ..... 14

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Rátaí malairte an euro** ([1])

**7 Iúil 2023**

(2023/C 243/01)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,0888 | CAD | dollar Cheanada | 1,4557 |
| JPY | yen na Seapáine | 156,01 | HKD | dollar Hong Cong | 8,5232 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4515 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,7644 |
| GBP | punt steirling | 0,85298 | SGD | dollar Shingeapór | 1,4717 |
| SEK | krona na Sualainne | 11,9075 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 421,91 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9754 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 20,7915 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 146,90 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 7,8773 |
| NOK | krone na hIorua | 11,7085 | IDR | rupiah na hIndinéise | 16 521,26 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | MYR | ringgit na Malaeisia | 5,0842 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 23,945 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 60,495 |
| HUF | forint na hUngáire | 388,33 | RUB | rúbal na Rúise | |
| PLN | zloty na Polainne | 4,4838 | THB | baht na Téalainne | 38,358 |
| RON | leu na Rómáine | 4,9557 | BRL | real na Brasaíle | 5,3527 |
| TRY | lira na Tuirce | 28,3830 | MXN | peso Mheicsiceo | 18,7883 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,6416 | INR | rúipí na hIndia | 90,0465 |

([1]) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

**Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid**

*(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006* [1]*)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 243/02)

**Cinneadh lena ndeonaítear údarú**

| Uimhir thagartha an Chinnidh [1] | Dáta an Chinnidh | Ainm na substainte | Sealbhóir an údaraithe | Uimhir an údaraithe | Úsáid údaraithe | Dáta éaga na tréimhse athbhreithnithe | Na cúiseanna atá leis an gcinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C(2023) 4320 | 3 Iúil 2023 | 4-(1,1,3,3-teitrimheitiolbúitil)feanóil, ('4-treas-OPnEO') eatocsailithe<br>Uimh. CE.-; Uimh. CAS.-<br><br>4-Naoinilfeanól, brainseach agus líneach, eatocsailithe (4-NPnEO)<br>Uimh. CE.-; Uimh. CAS.- | Roche Diagnostics GmbH, Sandhoferstrasse 116, 68305 Mannheim, an Ghearmáin | REACH/23/16/0 | 4-tert-OPnEO i bhfoirmliú agus líonadh tástálacha diagnóiseacha *in vitro* (IVD) mar a shonraítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn | 4 Eanáir 2028 | I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, is mó na sochair shocheacnamaíocha ná an riosca do shláinte an duine agus don chomhshaol de bharr úsáid na substainte agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann atá oiriúnach. |
| | | | | REACH/23/16/1 | 4-NPnEO i bhfoirmliú agus líonadh tástálacha diagnóiseacha *in vitro* (IVD) mar a shonraítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn | | |
| | | | | REACH/23/16/2 | 4-tert-OPnEO i dtástálacha diagnóiseacha *in vitro* (IVD) mar a shonraítear i dTábla 2 den Iarscríbhinn | | |
| | | | | REACH/23/26/3 | 4-NPnEO i dtástálacha diagnóiseacha *in vitro* (IVD) mar a shonraítear i dTábla 2 den Iarscríbhinn | | |

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | REACH/23/16/4 | 4-tert-OPnEO i dtáirgeadh próitéine agus i gcomhchuingiú coirníní laitéise, atá á n-úsáid mar chomhpháirteanna nó chun comhpháirteanna tástálacha diagnóiseacha *in vitro* (IVD), táirgí taighde nó rialaithe cáilíochta agus feidhmeanna anailíseacha eile a tháirgeadh, mar a shonraítear i dTábla 3 den Iarscríbhinn | | |
| | | | | REACH/23/16/5 | 4-NPnEO i dtáirgeadh próitéine agus i gcomhchuingiú coirníní laitéise, atá á n-úsáid mar chomhpháirteanna nó chun comhpháirteanna tástálacha diagnóiseacha *in vitro* (IVD), táirgí taighde nó rialaithe cáilíochta agus feidhmeanna anailíseacha eile a tháirgeadh, mar a shonraítear i dTábla 3 den Iarscríbhinn | | |

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

**Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid**

*(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([1]))*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 243/03)

**Cinneadh lena ndeonaítear údarú**

| An tagairt don chinneadh ([1]) | Dáta an Chinnidh | Ainm na substainte | Sealbhóir an údaraithe | Uimhir an údaraithe | Úsáid údaraithe | Dáta éaga na tréimhse athbhreithnithe | Na cúiseanna atá leis an gcinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C(2023) 4355 | 3 Iúil 2023 | 4-(1,1,3,3-teitrimheitiolbúitil)feanóil, eatocsaláite ('4-treas-OPnEO')<br><br>Uimh. CE.-;<br>Uimh. CAS.- | ABBOTT Ireland, Baile Uí Theimhneáin, Poblacht na hÉireann, Sligeach, Cúige Chonnacht, Éire;<br><br>ABBOTT GmbH, Max Planck Ring 2, D-65205 Wiesbaden, An Ghearmáin;<br><br>ABBOTT Diagnostics GmbH, Max Planck Ring 2, D-65205 Delkenheim, An Ghearmáin | REACH/23/13/0<br>REACH/23/13/1 | Úsáid thionsclaíoch mar dhromchlaghníomhaí i bhfoirmliú feistí diagnóiseacha in vitro le haghaidh tástáil chliniciúil ina n-úsáidtear córais anailíseora uathoibrithe de chuid ARCHITECT, Alinity agus ABBOTT PRISM | 4 Eanáir 2033 | I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, is mó na sochair shocheacnamaíocha ná an riosca do shláinte an duine agus don chomhshaol de bharr úsáid na substainte agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach. |
| | | | | REACH/23/13/2<br>REACH/23/13/3<br>REACH/23/13/4 | Úsáid ghairmiúil mar dhromchlaghníomhaí in úsáid deiridh feistí diagnóiseacha in vitro le haghaidh tástáil chliniciúil ina n-úsáidtear córais anailíseora uathoibrithe de chuid ARCHITECT, Alinity agus ABBOTT PRISM | | |
| | | | | REACH/23/13/5 | Úsáid thionsclaíoch mar dhromchlaghníomhaí i bhfoirmliú tuaslagán córais (Réamh-Ghníomhachtaithe agus Gníomhachtaithe), lena n-úsáid le feistí diagnóiseacha in vitro ar chórais anailíseora uathoibríoch de chuid ARCHITECT agus Alinity | 4 Eanáir 2025 | |

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | REACH/23/13/6 | Úsáid thionsclaíoch mar dhromchlaghníomhaí in eastóscadh agus íonúchán antaiginí lena n-ionchorprú i bhfeistí diagnóiseacha in vitro le haghaidh tástáil chliniciúil ina n-úsáidtear córais anailíseora uathoibrithe de chuid ARCHITECT, Alinity agus ABBOTT PRISM | 4 Eanáir 2033 | |

(1) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

V

*(Fógairtí)*

## NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Glaonna ar thograí agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara faoi Chlár Oibre 2024 na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC) faoin gclár Fís Eorpach – an clár réime um thaighde agus um nuálaíocht (2021-2027)**

(2023/C 243/04)

Tugtar fógra leis seo go seolfar glaonna ar thograí agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara faoi chlár oibre ERC 2024 Fís Eorpach (Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an clár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach — an clár réime um thaighde agus um nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE; agus Cinneadh 2021/C 234 I/03 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Chomhairle Eorpach um Thaighde le haghaidh Fís Eorpach — an clár réime um thaighde agus um nuálaíocht agus lena n-aisghairtear Cinneadh C(2013)8915 (2021/C 234 I/03).

Ghlac an Coimisiún Eorpach clár oibre 2024 ERC le Cinneadh C(2023)3999 an 10 Iúil 2023.

Iarrtar tograí le haghaidh na nglaonna sin.

Tá Clár Oibre 2024 ERC, lena n-áirítear sprioc-amanna agus buiséid, ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh um dheiseanna cistiúcháin agus tairisceana mar aon le faisnéis maidir le módúlachtaí na nglaonna agus na ngníomhaíochtaí gaolmhara agus faisnéis le haghaidh iarratasóirí faoin gcaoi le tograí a chur isteach: https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home

# AN LÁRIONAD EORPACH UM FHOBAIRT NA GairmoiliúNA

## GAIRM OSCAILTE TOGRAÍ – GP/DVQ/ReferNet_FPA/001/23

**ReferNet – Líonra Eorpach Cedefop um Shaineolas ar Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint**

(2023/C 243/05)

### 1. **Cuspóirí agus cur síos**

D'fhonn tacú le hoibriú an líonra Eorpaigh saineolais in VET – ReferNet –, is é is aidhm don ghlao seo iarratasóir amháin a roghnú ó gach tír incháilithe (27 Ballstát den Aontas Eorpach móide an Íoslainn agus an Iorua) lena dtabharfaidh Cedefop creat-chomhaontú comhpháirtíochta ceithre bliana i gcrích, agus ar chomhaontú deontais sonrach a thabhairt i gcrích le gach iarratasóir ar éirigh leis le haghaidh plean oibre atá le cur i gcrích in 2024.

Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh (an tAontas) a bunaíodh sa bhliain 1975 agus atá lonnaithe sa Ghréig ón mbliain 1995 amach is ea an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop). Aithnítear an ghníomhaireacht mar fhoinse údarásach faisnéise agus saineolais ar an ngairmoideachas agus an ghairmoiliúint, ar scileanna agus ar cháilíochtaí agus tá sé mar mhisean aici tacú le forbairt an bheartais gairmoideachais agus gairmoiliúna san Eoraip agus rannchuidiú leis an mbeartas sin a chur chun feidhme.

Is é ReferNet líonra Eorpach Cedefop le haghaidh faisnéis faoi ghairmoideachas agus gairmoiliúint. Ó 2008 i leith, tá comhar Cedefop le ReferNet ar siúl trí FPAnna ceithre bliana (Creat-Chomhaontú Comhpháirtíochta). Faoin FPA nua (2024-2027) is é ReferNet a bheidh ina phríomhfhoinse faisnéise maidir le córais agus forbairtí náisiúnta gairmoideachais agus gairmoiliúna a rannchuideoidh go bliantúil le faireachán a dhéanamh ar Cedefop ar fhorbairtí beartais i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint, scileanna agus cáilíochtaí. Neartaíodh a ról sa chur chuige comhtháite maidir le faireachán agus tuairisciú beartais ar an Moladh ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint agus ar Dhearbhú Osnabrück mar a chomhaontaigh Coiste ACVT é ag an gcruinniú a bhí aige an 8-9 Meitheamh 2021, inar iarradh dlúthchomhar idir ReferNet agus Ard-Stiúrthóirí na Gairmoiliúna i mBallstáit an Aontais.

Cuirtear comhaontuithe creatchomhpháirtíochta chun feidhme trí chomhaontuithe bliantúla deontais shonraigh. Dá bhrí sin, ní hamháin go gcuirfidh iarratasóirí togra isteach le haghaidh an chreat-chomhaontaithe comhpháirtíochta 4 bliana (a fhágfaidh, má éiríonn leis, go síneofar Creat-Chomhaontú Comhpháirtíochta do na blianta 2024 go 2027) ach freisin an t-iarratas ar dheontas do ghníomhaíocht 2024 (a bhféadfadh síniú Comhaontaithe Deontais Shonraigh don bhliain féilire 2024 a bheith mar thoradh air). Ní mór don iarratasóir a thaispeáint go bhfuil sé de chumas aige na gníomhaíochtaí uile a réamh-mheastar a dhéanamh thar an tréimhse ceithre bliana agus cómhaoiniú leordhóthanach a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme na gcúraimí iarrtha.

### 2. **Buiséad agus fad an tionscadail**

Is é EUR 3 760 000,00 an buiséad measta atá ar fáil do thréimhse ceithre bliana na gcreat-chomhaontuithe comhpháirtíochta, ag brath ar chinntí bliantúla an Údaráis Bhuiséadaigh.

Is é an buiséad iomlán a bheidh ar fáil do phlean oibre bliantúil na bliana 2024 (fad an tionscadail: 12 mhí) EUR 940 000,00 le haghaidh an 29 comhpháirtí (ó cheann amháin den 27 Ballstát de AE, ón Íoslainn agus ón Iorua).

Athraíonn an deontas de réir dhaonra na tíre agus bronntar é as plean oibre bliantúil a chur i gcrích. Dáilfear an buiséad iomlán atá ar fáil do phlean oibre 2024 ar bhonn trí ghrúpa tíre bunaithe ar dhaonra na dtíortha:

— Grúpa tíre 1: An Chróit, an Chipir, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an tSlóivéin agus an Íoslainn. Uasmhéid deontais: EUR 23 615,00

— Grúpa tíre 2: An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Íslíltír, an Phortaingéil, an Rómáin, Poblacht na Slóvaice, an tSualainn agus an Iorua. Uasmhéid deontais: EUR 33 625,00

— Grúpa tíre 3: An Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Pholainn, an Spáinn. Uasmhéid deontais: EUR 43 620,00

Tá an deontas ón Aontas ina ranníocaíocht airgeadais i leith chostais an tairbhí (agus/nó na gcomhthairbhithe), rud nach mór é a fhorlíonadh le ranníocaíocht airgeadais dhílis agus/nó le ranníocaíochtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus/nó príobháideacha. Ní bheidh an ranníocaíocht iomlán ón Aontas níos mó ná 70 % de na costais incháilithe.

Forchoimeádann Cedefop an ceart chun gan an buiséad iomlán atá ar fáil a dhámhachtain.

3. **Critéir incháilitheachta**

Chun bheith incháilithe, ba cheart d'iarratasóirí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) a bheith ina n-eagraíocht phoiblí nó phríobháideach ag a bhfuil stádas dlíthiúil agus pearsantacht dhlítheanach (níl daoine nádúrtha, i.e. daoine aonair, incháilithe);

(b) a suíochán a bheith cláraithe acu sa tír ina gcuirtear an deontas i bhfeidhm, i.e. i gceann amháin de na tíortha seo a leanas:

— AE-27 (an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn);

— tíortha comhlachaithe (an Íoslainn agus an Iorua).

4. **Spriocdháta**

Ní mór iarratais ar an gcreat-chomhaontú comhpháirtíochta agus ar an gComhaontú Sonrach maidir le gníomhaíocht ReferNet 2024 a chur isteach faoin **22 Meán Fómhair 2023 ar a dhéanaí.**

5. **Tuilleadh faisnéise**

Beidh sonraíochtaí mionsonraithe na gairme tograí, an fhoirm iarratais agus na hiarscríbhinní a ghabhann léi ar fáil ón 10 Iúil 2023 ar shuíomh gréasáin Cedefop ag an seoladh seo a leanas:

http://www.cedefop.europa.eu/about-cedefop/public-procurement

Maidir le hiarratais, ní mór na ceanglais a leagtar amach i dtéacs iomlán na gairme a chomhlíonadh iontu agus ní mór iad a chur isteach ach úsáid a bhaint as na foirmeacha oifigiúla a thugtar.

Beidh an mheastóireacht ar thograí bunaithe ar phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne.

Déanfaidh coiste saineolaithe na hiarratais uile a chuirfear isteach a mheas in aghaidh na gcritéar incháilitheachta, eisiaimh, roghnúcháin agus dámhachtana a shainítear i leagan téacs iomlán na gairme.

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.11033 — ADOBE / FIGMA)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 243/06)

1. An 30 Meitheamh 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Adobe Inc. ('Adobe', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Figma, Inc. ('Figma', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Adobe rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Figma ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

Tharchuir an Ostair an comhchruinniú chuig an gCoimisiún de bhun Airteagal 22(3) den Rialachán um Chumaisc. Tá an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Íoslainn, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Iorua, agus an tSualainn tar éis tacú leis an tarchur ó shin.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Adobe: cuideachta bogearraí domhanda a thairgeann, i measc nithe eile, bogearraí le haghaidh dearadh cruthaitheach agus uirlis idirghníomhach le haghaidh dearadh táirgí, i.e., Adobe XD,

— Figma: soláthraí uirlise comhoibrithí gréasán-bhunaithe le haghaidh dearadh táirgí idirghníomhach, Figma Design, agus uirlise um chlár bán, FigJam.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11033 — ADOBE / FIGMA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Seoladh poist:

European Commission

Directorate-General for Competition

Merger Registry

1049 Bruxelles/Brussel

BELGIQUE/BELGIË

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11156 — CINVEN / AMARA)**

**Cás a d’fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 243/07)

1. An 3 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Cinven Capital Management (VII) General Partner Limited (‘Cinven’, Geansaí),

— Amara S.A. (‘Amara’, an Spáinn).

Gheobhaidh Cinven rialú aonair ar Amara ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— I gcás Cinven: is gnólacht cothromais phríobháidigh é a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta infheistíochta agus seirbhísí comhairleacha infheistíochta a sholáthar do roinnt chistí infheistíochta. Tá roinnt cuideachtaí punainne á rialú ag Cinven ar cuideachtaí iad atá gníomhach in earnálacha éagsúla ar fud réimse dlínsí.

— I gcás Amara: Is cuideachta é a bhfuil a cheanncheathrú sa Spáinn agus atá ag feidhmiú i seacht dtír trína trí rannán: Fuinneamh In-athnuaite, Leictriú agus Seirbhísí um Aistriú Fuinnimh, agus a chuid gníomhaíochtaí á ndíriú ar dhícharbónú, leictriú agus éifeachtúlacht fuinnimh agus digitiú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11156 — CINVEN / AMARA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an ‘Rialachán um Chumaisc’).

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11181 — MACQUARIE / BCI / ENDEAVOUR ENERGY)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 243/08)

1. An 3 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Macquarie Group Limited ('Macquarie', an Astráil),

— British Columbia Investment Management Corporation ('BCI', Ceanada),

— Endeavour Energy ('EE', an Astráil).

Gheobhaidh Macquarie agus BCI rialú comhpháirteach ar EE de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Macquarie réitigh maidir le bainistiú sócmhainní agus maoiniú, baincéireacht, seirbhísí comhairleacha, agus maidir le riosca agus caipitil ar fud na réimsí fiachais, cothromais agus tráchtearraí,

— Is gníomhaire de chuid Rialtas British Columbia i gCeanada é BCI, agus tá sé gníomhach ar fud raon aicmí sócmhainní, lena n-áirítear ioncam seasta, cothromas poiblí, cothromas príobháideach, bonneagar, acmhainní in-athnuaite, réadmhaoin agus morgáistí tráchtála.

— Tá líonra dáileacháin leictreachais atá lonnaithe i New South Wales, an Astráil, faoi úinéireacht EE agus á oibriú aige.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11181 — MACQUARIE / BCI / ENDEAVOUR ENERGY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

GNÍOMHARTHA EILE

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Foilsiú leasaithe chaighdeánaigh formheasta, ar leasú atá ann ar shonraíocht táirge ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint san earnáil táirgí talmhaíochta agus earraí bia, dá dtagraítear in Airteagal 6b(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún**

(2023/C 243/09)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 6b(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEANAIGH AR SHONRAIOCHT TAIRGE AINMNIUCHAIN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT NO TASC GEOGRAFACH FAOI CHOSAINT DE THIONSCNAMH BALLSTAIT A CHUR IN IUL

**(Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012)**

**'Pomme du Limousin'**

**Uimh. AE: PDO-FR-0442-AM01 - 14.4.2023**

**ATFC (X) PGI ( )**

1. **Ainm an táirge**

   'Pomme du Limousin'

2. **An Ballstát ina bhfuil an limistéar geografach**

   An Fhrainc

3. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

   An Aireacht Talmhaíochta agus Biafhlaithis

4. **Tuairisc ar an leasú (na leasuithe) formheasta**

   Limistéar geografach

   Cuireadh bardas Vars-sur-Roseix leis an limistéar geografach.

   Tugadh cothrom le dáta dáta críochadóireachta an limistéir gheografaigh agus dáta an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a liostaítear na bardais sa limistéar geografach ar a bhonn.

   Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMEAD AONAIR

**'Pomme du Limousin'**

**Uimh. AE: PDO-FR-0442-AM01 - 14.4.2023**

**ATFC (X) PGI ( )**

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

   'Pomme du Limousin'

(1) IO L 179, 19.6.2014, lch. 17.

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Fhrainc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia**

3.1. *Cineál táirge [a liostaítear in Iarscríbhinn XI]*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Úll úr is ea é ‘Pomme du Limousin’ ag a bhfuil na saintréithe seo a leanas:

— tá cruth beagán fadaithe air, agus súil agus cuas súile marcáilte go soiléir;

— tá méid íosta 65 mhilliméadar nó meáchan íosta 115 ghram aige;

— tá an bia geal, teann, briosc, súmhar agus neamh-phlúrach;

— tá an blas cothromaithe a mhéid a bhaineann le milseacht agus aigéadacht.

Is de chineál ‘Golden Delicious’ iad na húlla nó de cheann de na sóiteáin údaraithe le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh ‘Pomme du Limousin’ (saintréithe caighdeánacha cosúil leo siúd a bhaineann le ‘Golden Delicious’), cé is moite de ‘Gala Golden’.

Tá comhéifeacht athraonta 12,5 % Brix ar a laghad ag ‘Pomme du Limousin’, teinne 5 chileagram in aghaidh an cheintiméadair chearnaigh ar a laghad agus aigéadacht 3,7 gram in aghaidh an lítir aigéid mhalaigh ar a laghad.

Titeann an t-úll laistigh d’aicme margaíochta ‘Breise’ agus ‘1’, de réir bhrí reachtaíocht an Aontais, nó aicme margaíochta 2 go díreach mar gheall ar mhéid an ruachain.

Tá dath idir glasbhán agus buí ar ‘Pomme du Limousin’ agus d’fhéadfaí bándeirge a bheith air.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is laistigh den limistéar geografach a tharlaíonn an próiseas táirgthe iomlán.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na húlla a stóráil fuar chun a dteinne, a n-uigeacht agus a súmhaireacht a chaomhnú.

Tá saineolas áitiúil sa limistéar geografach maidir le stóráil. Láithreáin stórála:

— bainistíonn siad a bpleananna stórála, tarraingthe suas ar bhonn anailís na dtorthaí a dhéantar tráth na buainte, agus comhordaíonn siad seachadtaí torthaí ag na táirgeoirí;

— cuireann siad barr feabhais ar an modh agus ar an am chun na seomraí stórála a líonadh;

— rialaíonn siad leibhéil ocsaigine tar éis na torthaí a bheith fuaraithe, cobhsaíocht na teochta, agus leibhéil ocsaigine agus dé-ocsaíde carbóin a fhad agus a bhíonn na torthaí ar an margadh.

Déantar na húlla a phacáistiú i gcoimeádáin ghlana chun saintréithe agus cáilíocht na dtorthaí a chaomhnú.

Dá bhrí sin, ní féidir níos mó ná 20 cileagram d’úlla a bheith sna pacáistí, agus toirmisctear úsáid málaí plaisteacha nó páipéir.

Ní féidir na húlla a eisiúint le díol a thuilleadh faoi ainmniúchán tionscnaimh ‘Pomme du Limousin’ tar éis dáta sonraithe. Is ar bhonn dhath na n-úll a chinntear é sin agus athraíonn sé ón 1 Meitheamh go dtí an 1 Lúnasa den bhliain tar éis dháta na buainte.

Ní mór an pacáistiú a dhéanamh i limistéar geografach tionscnaimh 'Pomme du Limousin', i bhfianaise:

— shaineolas na láithreán pacáistithe maidir le stóráil torthaí a bhainistiú (faireachán na seomraí, na torthaí a sheiceáil le linn na stórála);

— shobhristeacht na dtorthaí agus a soghontachta i leith suaitheadh agus láimhseáil gharbh;

— saoráidí pacáistithe speisialta a chuireann teorainn le tuairteanna agus a chaomhnaíonn cáilíocht na dtorthaí;

— an cheanglais go mbeidh na torthaí inrianaithe: ní sheoltar na torthaí i mbulc agus lipéadaítear gach píosa go haonarach chun na tomhaltóirí a chumasú an táirge a shainaithint go soiléir agus chun aon mheascadh le torthaí de thionscnamh difriúil a sheachaint.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Sainaithnítear gach úll le lipéad ar a bhfuil:

— lógó ATFC an Aontais Eorpaigh;

— ainmniúchán tionscnaimh 'Pomme du Limousin' scríofa i gcarachtair dar méid leath de chlómhéid na gcarachtar is mó ar an lipéad ar a laghad, ach amháin iad siúd a úsáidtear i lógó ATFC an Aontais Eorpaigh.

Níl feidhm ag an gceanglas sin na húlla a lipéadú go haonarach, áfach, maidir le torthaí réamhphacáistithe.

Anuas ar an bhfaisnéis atá le soláthar de réir an dlí, ní mór, ar an taobh ar a bhfuil faisnéis maidir le caighdeáin, ainmniúchán tionscnaimh 'Pomme du Limousin' a bheith i lipéadú ar phacáistí aonair, scríofa i gcarachtair leath de chlómhéid na gcarachtar is mó ar an lipéad ar a laghad.

Seachas an lipéad, ní mór ainmniúchán tionscnaimh 'Pomme du Limousin' a bheith ar na doiciméid agus sonraisc tionlacain uile in éineacht leis na focail '*appellation d'origine protégée*' (ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint) nó 'AOP' (ATFC).

## 4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Bardais ar cuid de roinn Corrèze iad:

Allassac, Arnac-Pompadour, Beyssac, Beyssenac, Chabrignac, Chameyrat, Concèze, Condat-sur-Ganaveix, Donzenac, Espartignac, Estivaux, Juillac, Lagraulière, Lascaux, Lubersac, Montgibaud, Objat, Orgnac-sur-Vézère, Perpezac-le-Noir, Sadroc, Saint-Aulaire, Saint-Bonnet-l'Enfantier, Sainte-Féréole, Saint-Germain-les-Vergnes, Saint-Julien-le-Vendômois, Saint-Martin-Sepert, Saint-Pardoux-Corbier, Saint-Pardoux-l'Ortigier, Saint-Solve, Saint-Sornin-Lavolps, Saint-Ybard, Salon-la-Tour, Ségur-le-Château, Seilhac, Troche, Uzerche, Vars-sur-Roseix, Vigeois, Vignols agus Voutezac.

Bardais ar cuid de roinn Creuse iad:

Bénévent-l'Abbaye, Chauchet (Le), Grand-Bourg (Le), Marsac, Montboucher, Nouzerolles, Sardent, Saint-Agnant-de-Versillat, Sainte-Feyre, Saint-Germain-Beaupré, Saint-Julien-le-Châtel agus Saint-Pierre-Chérignat.

Bardais ar cuid de roinn Dordogne iad:

Angoisse, Anlhiac, Clermont-d'Excideuil, Dussac, Excideuil, Firbeix, Génis, Jumilhac-le-Grand, Lanouaille, Payzac, Saint-Cyr-les-Champagnes, Saint-Médard-d'Excideuil, Saint-Mesmin, Saint-Paul-la-Roche, Saint-Pierre-de-Frugie, Saint-Priest-les-Fougères, Salagnac, Sarlande, Sarrazac agus Savignac-Lédrier.

Bardais ar cuid de roinn Haute-Vienne iad:

Boisseuil, Bussière-Galant, Chalard (Le), Champnétery, Château-Chervix, Cognac-la-Forêt, Coussac-Bonneval, Geneytouse (La), Glandon, Glanges, Janailhac, Ladignac-le-Long, Linards, Meyze (La), Nieul, Oradour-sur-Vayres, Pensol, Roche-l'Abeille (La), Roziers-Saint-Georges, Sainte-Anne-Saint-Priest, Saint-Hilaire-la-Treille, Saint-Jean-Ligoure, Saint-Laurent-les-Églises, Saint-Léonard-de-Noblat, Saint-Mathieu, Saint-Méard, Saint-Paul, Saint-Yrieix-la-Perche agus Vicq-sur-Breuilh.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Cuimsíonn an limistéar geografach bun criostalta a foirmíodh le forbairt pheidigineach de charraig mheiteamorfach agus eibhreach, lena n-áirítear foirmíochtaí áitiúla d'alterítí agus foirmíochtaí ar ithreacha snaíochair nó ar sheanithreacha gláracha iarmharacha.

Tá airíonna coinneála uisce maithe ag an ithir éadrom dhomhain.

Tá aeráid aigéanach bhogthais ag an limistéar geografach, agus báisteach measartha flúirseach ann, cé nach bhfuil sé iomarcach (meán-bháisteach bhliantúil níos lú ná 1 300 mm) agus teochtaí nach mbaineann foircinn amach (meánteocht os cionn 9 °C).

Toisc eile is ea an airde: tá na húlloird suite ar ardchláir mhullaigh an-aeráilte ag airde idir 350 agus 450 méadar go ginearálta.

Is réigiún é Limousin ag a bhfuil traidisiún láidir fáis torthaí. Lean an cineál 'Golden Delicious', a fhástar in Limousin ó bhí 1950idí ann, de bheith á fhorbairt ann. Sa limistéar sin, comhlánaíonn fás úll an fheirmeoireacht beostoic agus tá sé bunaithe ar chleachtais saothraithe traidisiúnta amhail uisciú measartha agus piocadh de láimh.

Tá saineolas áitiúil sa limistéar freisin maidir le stóráil. A luaithe a bhuaintear iad, stóráiltear na húlla i seomraí tiomnaithe ag a bhfuil atmaisféar rialaithe, agus socraítear na paraiméadair theicniúla agus chothabhála gach bliain (uiscedhíonadh, méid, an líon uaireanta oibríochta, etc.). Déantar faireachán tráthrialta chun a sheiceáil go gcaomhnaítear na baisceanna i gceart i gcónaí.

Is saintréithe 'Pomme du Limousin' iad a cháilíocht iontach itheacháin agus a chur i láthair: tá cruth beagán fadaithe air, dath ar leith, bia teann, ardmhéid sú, cothromaíocht mhaith idir milseacht agus aigéadacht agus seilfré fhada, rud a fhágann gur féidir é a chur ar an margadh go dtí an 1 Lúnasa.

An comhshaol nádúrtha in éineacht leis an traidisiún fáis crann, déanann siad an limistéar an-oiriúnach d'fhás an chineáil 'Golden Delicious' agus chumasaigh siad caomhnú na saintréithe 'Pomme du Limousin'.

Ag airde níos airde, bíonn níos mó gréine ná sna mánna, agus bíonn na teochtaí is airde measartha. Tá an meascán d'oícheanta fuara agus laethanta teo, grianmhara ar ardchláir an limistéir gheografaigh fabhrach d'fhorbairt cothromaíochta maithe idir milseacht agus aigéadacht agus don lí chraicinn bhándearg a thagann as na hantóiciainíní a bhaineann go sonrach le 'Pomme du Limousin'.

Toisc go bhfástar ag airde níos airde ag teochtaí an-difriúil idir oíche agus lá iad, tá cruth níos faide ar na húlla agus tá siad níos teinne agus níos súmhaire.

Baineann an fás úll in Limousin leas as cleachtais saothraithe shonracha. Is féidir leis na torthaí a gcáilíochtaí a fhorbairt agus a choimeád ar bhealach níos fearr mar gheall ar uisciú measartha, mar shampla, agus faightear ionduchtú bláthanna níos fearr an bhliain ina dhiaidh sin. Anuas air sin, déantar buaint de láimh chun a áirithiú go gcoimeádann na torthaí a gcáilíochtaí uile.

Tá saineolas áitiúil sa limistéar freisin maidir le stóráil atá dírithe i dtreo seilfré fhada an chineáil 'Pomme du Limousin'. Tar éis na buainte fuaraítear na torthaí chuig croí na n-úll a thapa agus is féidir. Líontar na seomraí sa tréimhse ama is giorra agus is féidir, agus cuirtear in atmaisféar rialaithe go láithreach iad chun cáilíocht na dtorthaí a chaomhnú.

Is earnáil dhinimiciúil é 'Pomme du Limousin', agus tá thart ar 1 500 oibrí buan agus 2 500 oibrí séasúrach á bhfostú aici (figiúirí 2016).

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta**

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-0d72390b-f4c0-4dc8-a8f6-83661bd57edc

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA